**Fúm féin:**

Is mise Brídín Ní Fhearraigh-Joyce (sí/í) agus táim san iomaíocht le bheith mar an chéad Eagarthóir eile ar The University Times. Is féidir ceisteanna, moltaí agus smaointe faoin gcaoi gur féidir leis an nuachtán freastal níos fearr a dhéanamh ar mhic léinn, a chur chuig nifhearb@tcd.ie.

D'fhás mé aníos i mBaile Átha Cliath (Teach na Giúse) agus i Maigh Eo (Béal Átha Bhearaigh) Tá Gaeilge líofa agam agus is mac léinn sa mBéarla mé sa gceathrú bliain.

**Cé na Cailíochtaí atá agam?**

Oibrím mar Leas Eagarthóir ar Rannóg Nuachta The University Times, mar an bPríomchóipeagarthóir ar Evergreen, iris timpeallachta do mhic léinn, agus mar Ambasadóir Branda Campais do HotPress Magazine. Sa mbliain 2023, scríobh mé 30 alt agus rinne mé eagathóireacht ar 300 alt.

Agus mé ag obair do The University Times agus Trinity News, bhris mé scéalta, faoi chúrsaí tithíochta mac léinn, gníomhaíochtaí a bhain le dlúthpháirtíocht leis an bPalaistín, cearta do dhaoine faoi mhícumas, Clár Rochtana na Tríonóide agus agóidí na heite fíordheis. Agus mé ag obair do TN2, d'fhoilsigh mé píosaí anathnide inar tugadh léargas ar thaithí pearsanta mac léinn ar ábhair íogaire ar nós obair ghnéis agus an cultúr éignithe. Le Gay Community News, scríobh mé faoi chearta daoine trasinscneacha, pincdhalladh agus saol oíche LADTA+.

Agus mé sa triú bliain, ba mé an tEagarthóir ar TN2, iris chúltúir agus ealaíon de chuid Trinity Publications áit ar stiúir mé foireann de 40 eagarthóirí mac léinn. Lena chois sin, ba mé a bhí freagrach as caiteachas na hirise, dar luach breis is €8,000, a eagrú mar aon le himeachtaí sóisialta agus an stráitéis mheán sóisialta.

Spreag mé an iliomad  iriseoirí mic léinn chun iarratas a dhéanamh sna catagóir éagsúla do ghradaim SMEDIA.  Ainmníodh agus cuireadh ar ghearrliosta mé i gcomhair cúig ghradam Smedia. Ba iad sin 'An Iriseoireacht Chomhoibríoch is Fearr', 'An Dearadh is Fearr' agus 'An Iris is Fearr' (do TN2) 'An tAlt Eolaíochta/Teicneolaíochta is Fearr' 'An Gearrscéal is Fearr' agus 'An Ghné-alt is Fearr'.

**Clúdach Níos Leithne**

Mar eagarthóir, bunóidh mé dhá ról nua do eagarthóirí Gaeilge. Déanfaidh mé cinnte go mbeidh rannóg iomlán de gach eagrán i nGaeilge amháin. Mar chainteoir dúchais, beidh mé in ann eagarthóireacht a dhéanamh ar ailt Ghaeilge nó iad a scríobh. Lena chois sin, cinnteoidh mé go n-aistreofar gach eagarfhocal go Gaeilge.

Chomh maith leis sin, cuirfidh mé le líon na mac léinn ETIM a bheidh ag obair sa nuachtán. Cuirfear seo i gcrích trí imeachtaí a chur ar bun sa bhfoirgneamh Hamiltion agus trí iarraidh ar chomhordaitheoir cúrsaí ETIM i gColáiste na Tríonóide deiseanna le UT a scaipeadh i measc mic léinn ETIM.  Fostóidh mé Eagarthóir Eolaíochta agus Teicneolaíochta mar aon le Eagarthóir Taighde ETIM chun tuairisceoireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ETIM atá ag teacht chun cinn in TCD.  Cruthóidh mé rólanna do roinnt eagarthóirí eolaíochta aeráide freisin.

Athbhunóidh mé scoil iriseoireachta *The University Times* i gcomhpháirt le Clár Rochtana na Tríonóide. Beidh ceardlanna ar scríbhneoireacht, nuacht agus taighde á reachtáil ag mic léinn a bheidh ag obair in *The University Times* do dhaltaí méanscoile ó scoileanna DEIS.

Déanfaidh mé iarracht cur le clúdach ar chúrsaí spóirt agus rannóga a chruthú i gcomhair gnó, sláinte agus cúrsaí polaitíochta. Laistigh den rannóg spóirt, déanfaidh mé iarracht clúdach ar spórt na mban agus spórt do dhaoine faoi mhíchumas a leathnú.

Rólanna eile ar mian liom a chur sa bpáipéar: eagarthóir idirnáisiúnta, a dhéanfaidh clúdach ar chursaí domhanda; eagarthóir Bhaile Átha Cliath, a dhéanfaidh clúdach ar nuacht na cathrach agus eagarthóir Erasmus, a dhéanfaidh clúdach ar chúrsaí Erasmus.

Má thoghfar mé i m'Eagarthóir, eagróidh mé foireann fóta-iriseoireachta chun cabhrú le briseadh nuacht atá ag teacht isteach agus chun cuma an pháipéir a dhéanamh níos mealltaí. Déanfaidh mé iarracht dearthóirí a fhostú chun feabhas a chur ar amharctheanga comheadáin UT, ar líne agus i gcló.

**Guthanna Úra**

Le foireann níos mó, beidh níos mó eagsúlachta agus rannphairtíocht níos mó i gcursaí a bhaineann le mic léinn.

Chun go mbeidh níos mó ionadaíochta ag mionlaigh eitneacha in *The University Times* déanfaidh mé teagmháil le Cumann na Mac Léinn Idirnáisiúnta agus le cumainn eitneacha chun iarraidh orthu deiseanna in *The University Times* a fhógairt ar fud liostaí seachadta a gcuid cumann.  Bunóidh mé dhá rol mar Eagarthóirí Mionlach Eitneach ionas go bpléifidh mic léinn BIPOC na fadhbanna a mbíonn tionchar díreach acu orthu.

Leagfaidh mé béim ar ghné shóisialta an nuachtáin. Ba bhreá dá mbeadh UT mar áit inar féidir le mic léinn cairde nua a dhéanamh. Ní mór do nuachtán pobalreachtálaithe a dtugann mic léinn maoiniú dó a bheith spraoiúil.

I will host socials on campus with refreshments, free-of-charge daytime non-alcoholic socials, and arrange socials in local establishments that run promotional drink deals. This will help make the paper more accessible for those commuting, who may have caring responsibilities, or are living on a tight budget. I will encourage student societies, plus ones, and students working with other publications to attend.

Cuirfidh mé imeachtaí sóisialta ar bun ar champas, iad saor in aisce agus gan alcól le linn an lae. Eagróidh mé imeachtaí sóisalta i ngnólachtaí áitiúla a chuireann lascaine ar fáil ar dheochanna. Tríd seo, beidh an nuachtán níos inrochtana do dhaoine atá ag comaitéireacht, daoine atá ag tabhairt aire do dhaoine sa mbaile nó daoine atá ar bheagán airgid. Spreagfaidh mé cumainn na mac léinn, 'daoine sa mbreis' agus mic léinn atá ag obair le foilseacháin eile dul chuig na himeachtaí seo.

Déanfaidh mé gach iarracht forbairt a dhéanamh ar an bhfoireann agus, gach rud a dhéanamh trédhearcach - a bhfuil i gceist leis an bpost, conas a bheith rannpháirteach, agus an próiséas ionduchtaithe. Nuair a bheidh mé ag fostú baill foirne don bhliain seo chugainn, tabharfaidh mé cáipéis eagarthóra do gach ball foirne ina mbeidh léargas ann ar a bhfuil i gceist lena ról.

**Cothrom na Féinne do gach éinne**

Chun an nuachtán a dhéanamh níos trédhearcaí agus go mbeidh rannpháirtíocht seachas ceannasaíocht ann, reáchtálfaidh mé ceardlanna ar conas smaointe a chur chun cinn, ceardlanna dearaidh agus scríbhneoireacht nuachta. Beidh fáilte romh gach mac léinn sna ceardlanna seo. Bainfear an místear den nuachtán do scríbhneoirí nua agus lucht na bhfreisir nuair a bhíonn ceardlanna ar bun go minic.

Tabharfaidh mé cuireadh do chainteoirí ó Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí agus alumni *The University Times* cainteanna a thabhairt do mhic léinn mar gheall ar eiticí eagarthóireachta, slite beatha san iriseoireacht, conas scéalta a aimsiú agus conas dul i ngleic le tírdhreach mheán na hiriseoireachta atá ag síor-athrú.

Eagróidh mé fóram oscailte darb ainm 'Cainteanna UT' le linn an tseimeastair chun go bhfoghlaimeoidh mic léinn tuilleadh faoin nuachtán, go léireoidh siad a gcuid tuairimí agus a gcuid moltaí don nuachtán ionas go mbeidh sé níos freagraí agus níos ábhartha do mhic léinn.

Ní reachtálfar UT ón mbarr anuas. I ngach rannóg (seachas rannóg na nuachta) is mar mholtaí a oibreoidh treoir an eagarthóra ar obair mhac léinn, seachas mar athruaithe riachtanacha. Leis seo, tabharfar tús áite do ghuth an mhic léinn i ngach píosa.

Is iad gairmiúlacht, leas agus acmhainní daonna bunchlocha m'fheachtais. Cuirfidh mé próiseas foirmeálta i bhfeidhm a ligfidh d'fhoireann UT agus do mhic léinn Choláiste na Trionóide gearán a dhéanamh leis an eagarthóir agus leis an nuachtán. Cuirfidh mé foireann le chéile a phléifidh na fadhbanna a thiocfaidh chun cinn maidir leis na hailt a fhoilseofar, le cúrsaí foirne agus le heiticí.

Mar Eagarthóir, déanfaidh mé gach iarracht clú *The University Times* a choinneáil gan smál. Má thoghtar mé, tabharfaidh mé faoi chúrsa i ndlí agus eiticí na meán. Míneoidh mé mo chuid nótaí go soiléir d'fhoireann *The University Times* agus aimseoidh mé saineolaí meáin chun oilliúnt faoi eiticí agus faoi chlúmhilleadh a chur ar fáil don fhoireann.